C/2026/3797

15.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12394 — CPPIB / EQUINIX / ATNORTH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3797)

1. An 6 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Canada Pension Plan Investment Board ('CPPIB', Ceanada),

— Equinix, Inc. ('Equinix', na Stáit Aontaithe),

— Green DC LuxCo S.à r.l. (Lucsamburg), SEKCO AB, SEKCO2AB agus Green DC AB (an tSualainn iad uile, 'atNorth'), faoi rialú Partners Group (an Eilvéis).

Gheobhaidh CPPIB agus Equinix rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar atNorth ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eagraíocht bainistíochta infheistíochta é CPPIB a infheistíonn na cistí a aistríonn ciste Canada Pension Plan chuige. Infheistíonn CPPIB ar fud an domhain i gcothromais phoiblí, i gcothromais phríobháideacha, i réadmhaoin, i mbonneagar agus in ionstraimí ioncaim sheasta,

— Is cuideachta bonneagair dhigitigh é Equinix arb é a phríomhghnó lárionaid sonraí comhshuímh a dhearadh, a thógáil agus a oibriú. Soláthraíonn Equinix seirbhísí bonneagair TF idirnasctha agus bainistithe dá chustaiméirí lárionaid sonraí freisin. Tá 270 lárionad sonraí ag an gcuideachta i 37 dtír,

— Is úinéir agus oibreoir lárionad sonraí é atNorth a bhfuil suíomhanna oibríochtúla nó beartaithe aige sa Danmhairg, san Fhionlainn, san Íoslainn, san Iorua agus sa tSualainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12394 — CPPIB / EQUINIX / ATNORTH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË